

Miontuairiscí Bhord Leabharlann Náisiúnta na hÉireann

Déardaoin an 8 Aibreán 2021 ar 11: 00

Físchomhdháil

An Bord	I láthair: Eoin McVey, Cathaoirleach an chruinnithe An Dr Marie Bourke An tOll. Maeve Conrick An Dr Conor Kostick (1- 10.1 amháin) Katherine McSharry Jennifer Taaffe
An Fhoireann	I láthair: An Dr Sandra Collins, Stiúrthóir Orla Sweeney, Rúnaí Brian O'Donnell, Ceannasaí Eastát (7.2 amháin) Colette O'Flaherty, Coimeádaí na mBailiúchán Speisialta (7.3 amháin) Ger Wilson, Ceannasaí na mBailiúchán Digiteach (7.3-8.1 amháin) Sandra McDermott, Ceannasaí Gníomhach na mBailiúchán Foilsithe (7.3-8.2 amháin) Kathleen Ruane, Ceannasaí Airgeadais agus Príomhoifigeach Bainistíochta Rioscaí (8.1-10.2 amháin)
Nóta: Is éard atá i gceist le (1-10 .2) ná go raibh an duine sin i láthair le haghaidh na míreanna sna miontuairiscí. Bhí gach comhalta Boird/ball foirne eile i láthair don chruinniú iomlán.	

1. Cathaoirleach ar an gcruinniú a ainmniú agus ceisteanna nóis imeachta eile

Mhol an tOll. Conrick Eoin McVey le bheith mar Chathaoirleach ar an gcruinniú. Chuidigh an Dr Bourke leis an moladh. Thacaigh an Bord le hainmniú Eoin McVey mar Chathaoirleach ar an gcruinniú.

Dhearbhaigh an Cathaoirleach go raibh córam i láthair ar an gcruinniú. Mar fhreagra ar an gceist ón gCathaoirleach, ní raibh aon choinbhleachtaí leasa le fógairt ag an mBord agus glacadh clár oibre an chruinnithe.

Thacaigh an Bord le hainmniú Eoin McVey mar Chathaoirleach ar an gcruinniú. Dheimhnigh an Bord go raibh córam ann; ghlac clár oibre an chruinnithe; dheimhnigh nach raibh aon choinbhleachtaí leasa le fógairt.

Nóta: Cuireadh na páipéir go léir ar fáil roimh an gcruinniú Boird ach amháin má luaitear a mhalairt.

2. Dréacht-mhiontuairiscí ón gcruinniú Boird ar an 15 Feabhra 2021 agus a bhfoilsíú

D'fhaomh an Bord na dréacht-mhiontuairiscí ón gcruinniú Boird an 15 Feabhra 2021 gan leasú agus foilsíú na miontuairiscí faofa sin, téacs folaithe iontu de réir mar is iomchuí.

3. Nithe ag éirí as

Thug an Stiúrthóir achoimre ghearr don Bhord ar thábla gníomhaíochta na nithe ag éirí as.

Thug an Bord tábla gníomhaíochta na nithe ag éirí as ar aire.

4. Tuairisc an Stiúrthóra

5. Tuarascáil an Fheidhmeannais: dul chun cinn i gcomparáid leis an straitéis

Thug an Stiúrthóir faisnéisiú ó bhéal don Bhord mar seo a leanas, agus chuir mír 4 agus mír 5 de chlár oibre an chruinnithe le chéile:

- COVID-19: Tá foirgnimh LNÉ agus seirbhísí ar an láthair fós dúnta i gcomhréir le treoirlínte an Rialtais. Tá an Feidhmeannas, i gcomhréir leis an bhfógra is deireanaí ón Rialtas, ag ullmhú amhail is go bhféadfaí go n-osclófaí LNÉ arís ar an 4 Bealtaine 2021 nó ina dhiaidh sin.

Ní féidir le baill foirne dul ar an láthair ach amháin le cúraimí riachtanacha a dhéanamh. Tá níos mó baill foirne i ndiaidh filleadh ar an láthair ar na mallaibh agus na bearta riachtanacha sláinte agus sábháilteachta i bhfeidhm. Tá baill foirne eile fós ag obair go

cianda.

Le bliain anuas, chuaigh LNE in oiriúint do leibhéal athraithe nach bhfacthas a leithéid riamh ar bhealaí éagsúla, is iad sin cianobair a chur i bhfeidhm, seirbhísí ar líne a mhéadú agus seirbhísí ar an láthair a sholáthar i gcomhréir le srianta an Rialtais.

Ó thaobh taispeántas, foghlama agus cláreagraithe de, tá éirithe go han-mhaith leis an aistriú go soláthar seirbhíse ar líne agus daoine ar fud an domhain ag freastal ar chainteanna, imeachtaí agus camchuartheanna agus líon níos airde acu ann ná a bheadh ar an láthair de ghnáth. Pléifidh an Feidhmeannas an tslí le freastal ar an ráchairt ar sheirbhísí ar an láthair agus ar líne nuair a osclófar LNE arís agus cuirfear an líon teoranta foirne san áireamh.

- Tionscadal forbartha caipitil/LNE a shamhlú as an nua: Cé go bhfuil bac curtha leis an tionscadal mar gheall ar na srianta ar an tógáil in aimsir COVID-19, tá an rannóg Eastát agus Oifig na nOibreacha Poiblí i ndiaidh a bheith ábalta dul chun cinn a dhéanamh ar oibreacha cumasaithe agus oibreacha riachtanacha ar an gcampas, mar shampla athruithe ar 2/3 Sráid Chill Dara agus oibreacha le fuinneamh a chaomhnú. Tá dul chun cinn déanta ag Oifig na nOibreacha Poiblí ar cháipéisíocht soláthair don chéad chéim eile den tionscadal forbartha caipitil.

D'fhreagair an Stiúrthóir ceist ón mBord a bhain le leis an gCathaoirleach agus comhaltaí breise den Bhord a cheapadh ón tseirbhís phoiblí.

Rinne an Bord tuarascáil an Fheidhmeannais a fhaomhadh. Bhí an Bord ar aon intinn go mbeadh sé dearfach Cathaoirleach agus tuilleadh comhaltaí den Bhord a cheapadh go pras, go háirithe sa chomhthéacs go bhfuil forbairt le déanamh ar Straitéis 2022-2026 LNE agus go gcaithfear glacadh léi.

6. Straitéis

6.1 Straitéis 2016-2021

6.1.1 Tosaíochtaí agus spriocanna straitéiseacha 2021

Rinne an Bord dréacht-tosaíochtaí agus spriocanna straitéiseacha 2021 a fhaomhadh.

6.1.2 Tuairisc ar thosaíochtaí agus spriocanna 2020

Thug an Bord an tuairisc ar thosaíochtaí agus spriocanna 2020 ar aire.

6.1.3 Spriocanna 2021 an Stiúrthóra

Thug an Bord spriocanna 2021 an Stiúrthóra ar aire.

6.2 Straitéis 2022-2026

D’fhaomh an Bord an dréachtphlean chun Straitéis nua 2022-2026 a fhorbairt.

7. Cuir i láthair

7.1 Ionduchtú an Bhoird: Iniúchóireacht, riosca agus cúrsaí airgeadais

Thug an Bord an cur i láthair ar iniúchóireacht, riosca agus cúrsaí airgeadais mar chuid den ionduchtú ar aire.

7.2 Tionscadal forbartha caipitil

7.2.1 Cur i láthair (mír 7.2.2 den chlár oibre)

Thug an Stiúrthóir forléargas ar an tionscadal forbartha caipitil.

Thug an Ceannasaí Eastát, Brian O’Donnell, achoimre a bhí ag teacht leis an gcur i láthair ar spriocanna an tionscadail; ar fhorbairt chéimnithe an tionscadail; ar thionchar an tionscadail ar chóiríocht oibre na foirne; ar an mbuiséad agus ar chláreagrú; ar an moladh nua maidir le rialachas an tionscadail; agus achoimre ar na nithe atá lasmuigh de raon feidhme an tionscadail.

D'fhreagair an Ceannasaí Eastát ceisteanna ón mBord a bhain le haon údair imní gan choinne; aibhneacha faoi thalamh; idirnascacht na bhfoirgneamh ar champas LNÉ; agus an cheist faoina ndéanfar cóiríocht oibre na foirne a shocrú go lárnach in aon fhoirgneamh amháin faoin tionscadal.

Thug an Bord an cur i láthair ar an Tionscadal Forbartha Caipitil ar aire.

7.2.2 Moltaí nua i leith rialachas an tionscadail (mír 7.2.1 den chlár oibre)

Ar aon dul leis an gcur i láthair thuas, thug an Ceannasaí Eastát forléargas ardleibhéil ar chóras reatha rialachais an tionscadail i gcomparáid leis an gcóras beartaithe 'Rialachas agus Oibríochtaí' atá ag teacht ó fhoireann Thionscadal Éireann 2040 agus ón gCód Caiteachais Phoiblí athchóirithe.

Thug an Ceannasaí Eastát freagra ar cheisteanna ón mBord maidir leis an nasc idir céimeanna an tionscadail agus soláthar maoinithe; agus inoiriúnaitheacht an tionscadail i bhfianaise treochtaí a bheith ag teacht chun cinn, mar shampla, cianobair.

Thug an Stiúrthóir freagra ar cheisteanna ón mBord maidir leis an spás le haghaidh taispeántas a dhúnadh san fhoirgneamh in 2/3 Sráid Chill Dara; agus maidir leis na córais rialachais atá ann i gcomhair tionscadail forbartha caipitil sna forais chultúrtha náisiúnta eile.

Thug an Bord ar aire go bhfuil tuilleadh plé le déanamh i dtaca leis an gcóras nua um 'Rialachas agus Oibríochtaí'.

Thug an Bord faomhadh don Stiúrthóir Coiste Rialachais an tionscadail forbartha caipitil a chur ar an eolas gur gá nósanna imeachta rialachais agus airgeadais an Bhoird a mheas sa chóras nua um 'Rialachas agus Oibríochtaí' agus measúnú a

dhéanamh ar aon tionchar a bheadh ag an gcóras sin ar chinnteoireacht agus ar threoracha caiteachais a fhaomhadh fad a mhairfidh an tionscadal tógála.

D'iarr an Bord ar an gCoiste Iniúcháireachta agus Riosca an córas nua um 'Rialachas agus Oibríochtaí' a mheas agus an Bord a chur ar an eolas faoi thorthaí an phlé sin.

Chomhaontaigh an Bord gur chóir an Cathaoirleach agus na comhaltaí eile den Bhord a cheapadh sula n-iarrfaí ar an mBord faomhadh a thabhairt i dtaca leis an gcóras nua um 'Rialachas agus Oibríochtaí'.

7.3 An Beartas um Fhorbairt na mBailiúchán

7.3.1 Cur i láthair (mír 7.3.2 den chlár oibre)

7.3.2 Clár oibre agus amlíne athbhreithnithe (mír 7.3.1 den chlár oibre)

Thug Coimeádaí na mBailiúchán Speisialta, Colette O'Flaherty, cur i láthair ó bhéal inar chuir sí in iúl don Bhord go bhfuiltear tar éis aiseolas an Bhoird a chur san áireamh; thug achoimre ar an liosta le haghaidh comhairliúchán seachtrach; agus thug breac-chuntas ar an amlíne don chuid eile den obair.

Thug Coimeádaí na mBailiúchán Speisialta freagra ar cheisteanna ón mBord maidir le hearraí cultúrtha comhaimseartha a bhailiú nach earraí coitianta iad agus maidir le comhairliúchán le heagraíocht ionadaíoch don óige faoin dréachtbheartas.

Chuir an Bord fáilte roimh an tslí a bhfuil an beartas um fhorbairt na mbailiúchán ag teacht le straitéis nua na heagraíochta.

Thug an Bord an cur i láthair ar aire agus thug faomhadh don Fheidhmeannas obair a chur i gcrích ar an mbeartas um fhorbairt na mbailiúchán chun teacht leis an amlíne athbhreithnithe mar a thugtar sa pháipéar í.

D'iarr Cathaoirleach an chruinnithe ar an bhFeidhmeannas eolas a thabhairt don Bhord, nuair is cuí, ar dhul chun cinn ar an mbeartas um fhorbairt na mbailiúchán i gcomparáid leis an amlíne atá faofa.

8. Cásanna gnó

8.1 Bailiúcháin dhigiteacha

8.1.1

[Redacted]

[Redacted]

8.1.2 Oibreoirí ceamaraí digiteacha

Thug an Bord faomhadh don Fheidhmeannas mionchomórtas tairisceana a réachtáil faoi Chreat-Chomhaontú Seirbhísí Digitithe in LNE (2018-2022) le beirt oibreoirí ceamaraí digiteacha a fháil ar feadh thréimhse 6 mhí i gcomhair tionscadail dhigitithe.

8.1.3 Cruthú meiteashonraí agus seirbhísí gaolmhara

Thug an Bord faomhadh le go bhféadfaidh an Feidhmeannas mionchomórtas tairisceana a réachtáil faoi Mhír 1: Cruthú meiteashonraí, Dearbhú Cáilíochta agus Creat-Chomhaontú Seirbhísí Bainistíochta Bailiúchán (2017-2021) a fheabhsú le haghaidh catalógaí amháin a bhfuil taithí aige/aici ar feadh 6 mhí don tionscadal chun Cartlann Dhigiteach Amhairc 'Tá Comhionannas' a fhorbairt.

8.1.4 Seirbhís deisce cabhraí TFC

Thug an Bord faomhadh le go n-eagródh an Feidhmeannas comórtas tairisceana, á fhógairt ar láithreán gréasáin eTenders, le haghaidh conradh

bliana chun seirbhís deisce cabhraí TFC a chur ar fáil agus an rogha ann síneadh bliana eile a chur leis an gconradh má bhíonn an chéad bhliain sásúil.

- 8.2 Bailiúcháin Fhoilsithe: Faomhadh chun conarthaí a bhronnadh le leabhair a sholáthar do Rannóg na mBailiúchán Foilsithe, LNÉ, agus leis na cistí a leithdháiltear a mhéadú i gcomhréir le leithdháileadh na bliana roimhe.**

Thug an Bord faomhadh le go rachadh an Feidhmeannas ar aghaidh chun conartha le Pro Quest LLC, cuideachta a bhfuil oifig aici in The Quorum, Bóthar Barnwell, Cambridge, an Ríocht Aontaithe, agus le O'Mahony's Booksellers Ltd, 120 Sráid Uí Chonaill, Luimneach, chun leabhair nua a fhoilsítear lasmuigh de Phoblacht na hÉireann agus leabhair dara láimhe a bhfuil spéis Éireannach ag baint leo a sholáthar ar feadh tréimhse bliana i dtús báire agus an rogha ann síneadh a chur leis an tréimhse sin má bhíonn sin sásúil.

Thug an Bord faomhadh don Fheidhmeannas na cistí a leithdháiltear chun leabhair nua a fhoilsítear lasmuigh de Phoblacht na hÉireann agus le leabhair dara láimhe a bhfuil spéis Éireannach ag baint leo a mhéadú €32,000 go €80,000 le go mbeadh an méid ag teacht le caiteachas na bliana roimhe ar shaothair nua.

Ar an ábhar sin, thug an Bord faomhadh le go rachadh LNÉ chun conartha le haghaidh cistí iomlána de €80,000 (ráta nialasach CBL).

- 8.3**

[REDACTED]


[REDACTED]

[REDACTED]



8.4 Airgeadas: Seirbhís cuntasáíochta a sholáthar

Thug an Bord faomhadh don Fheidhmeannas leanúint ar aghaidh agus síneadh ama a chur leis an gconradh le Greavy and Co le cuntasóir cáilithe a chur ar fáil don rannóg Airgeadais ar feadh tréimhse suas le sé mhí ón dáta a rachaidh an conradh reatha in éag an 8 Iúil 2021



8.5 Taispeántais, Foghlaim agus Cláreagrú

8.5.1 Measúnú ar Chartlann Band Aid

Thug an Stiúrthóir freagra ar cheist ón mBord maidir leis na costais mheasta a bhainfeadh le taispeántas bunaithe ar Band Aid.

Thug an Bord faomhadh don Fheidhmeannas iarratas oscailte a dhéanamh ar thairiscintí le haghaidh seirbhísí chun measúnú a dhéanamh ar Chartlann Band Aid.

Is éard a bheidh i gceist sa mheasúnú ná na déantáin is tábhachtaí ón gcartlann a mheasúnú, a aithint agus a thaifeadadh agus, mar thoradh air sin, beifear in ann na déantáin sin a chatalógú agus a dhigitiú sa taispeántas ar Band Aid atá le teacht agus sna himeachtaí rannpháirtíochta pobail a bheidh ag baint leis sin.

8.5.2 Comhshaothar idir LNÉ agus an RGE: scannán Seamus Heaney

Dúirt Cathaoirleach an chruinnithe gur tionscnamh fiúntach a bheadh ann scannán a léiriú chun gabháil leis an taispeántas taistil.

Thug an Bord faomhadh le go bhféadfadh an Feidhmeannas iarratas a dhéanamh ar thairiscintí le scannán a léiriú, i gcomhar leis an Roinn Gnóthaí Eachtracha (RGE), agus Seamus Heaney mar ábhar ann faoi (i) iarratas oscailte ar thairiscintí le go bhfaighfí cuideachta léirithe scannán leis an scannán a chruthú; agus (ii) iarratas ar thairiscintí le go ndéanfadh léiritheoir feidhmiúcháin neamhspleách an tionscadal a bhainistiú agus maoirseacht a thabhairt ina leith.

9. An ráiteas um chumhdach leanaí agus an beartas um chosaint leanaí

Mar fhreagra ar cheist ón mBord, thug an Stiúrthóir an cúlra leis an ráiteas um chumhdach leanaí agus leis an mbeartas um chosaint leanaí.

Thug an Bord faomhadh don ráiteas um chumhdach leanaí (tag. an doiciméid: 2) agus don bheartas um chosaint leanaí (tag. an doiciméid: 1).

10. Gnóthaí Corparáideacha

10.1 Cúrsaí Airgeadais

10.1.1 Éifeachtacht rialuithe inmheánacha 2020 agus an ráiteas ar rialuithe inmheánacha 2020

Thug an Bord ar aire go bhfuil foráil sa Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú gur chóir don Bhord athbhreithniú bliantúil ar éifeachtacht an rialaithe inmheánaigh a dhéanamh gar do dheireadh na tréimhse atá á hathbhreithniú nó chomh gar agus

is féidir do dheireadh na tréimhse airgeadais atá á hathbhreithniú agus tráth nach déanaí ná trí mhí tar éis dheireadh na tréimhse, i.e., 31 Márta 2021.

Rinne an Bord athbhreithniú ar na gnéithe seo d'éifeachtacht rialuithe inmheánacha 2020:

- An t-iniúchadh seachtrach agus litir na bainistíochta. Thug an Bord ar aire litir na bainistíochta ón iniúchadh don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2019.
- Na tuarascálacha ar an iniúchóireacht inmheánach. Thug an Bord ar aire tuarascáil na hiniúchóireachta inmheánaí ar thionscadail chaipitil agus an tuarascáil iniúchóireachta inmheánaí ar athbhreithniú ardleibhéil rialuithe inmheánacha 2020.
- Bainistíocht Riosca.
- Tuairisciú an Fheidhmeannais don Choiste Iniúchóireachta agus Riosca agus don Bhord.
- Tuairisciú an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca don Bhord. Dúirt Cathaoirleach an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca leis an mBord go ndearna an Coiste athbhreithniú ar éifeachtacht rialuithe inmheánacha 2020 mar chuid de chruinniú an Choiste ar an 26 Márta 2021.

Chuir an Bord in iúl go raibh na comhaltaí den tuairim go raibh na rialuithe inmheánacha do 2020 sásúil.

I ndiaidh an athbhreithnithe ar éifeachtacht rialuithe inmheánacha 2020, thug an Bord faomhadh do ráiteas rialuithe inmheánacha 2020 mar a tugadh é i ndríchtráitis airgeadais iniúchta 2020.

10.1.2 Cuntais bhainistíochta do mhí na Nollag 2020

Thug an Bord ar aire go ndearna an Coiste Iniúcháireachta agus Riosca athbhreithniú ar na dréacht-chuntais bhainistíochta do Nollaig 2020 mar chuid de chruinniú an choiste an 26 Márta 2021 agus gur mhol an coiste go ndéanfadh an Bord iad sin a fhaomhadh.

Rinne an Bord na dréachtchuntais bhainistíochta do mhí na Nollag 2020 a fhaomhadh.

10.1.3 Na ráitis airgeadais don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2020

Rinne an Bord athbhreithniú ar na dréachtráitis neamhiniúchta airgeadais don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2020 (dréacht 1).

10.1.4 Buiséad ardleibhéil 2021

Thug an Ceannasaí Airgeadais, Kathleen Ruane, freagra ar cheist ón mBord maidir le staid airgeadais mheasta dheireadh na bliana.

Thug an Stiúrthóir freagra ar cheist ón mBord maidir le cúrsaí earcaíochta agus líon iomlán na mball foirne in LNÉ i gcomparáid lena leithéid san Eoraip. Dúirt an Stiúrthóir leis an mBord go raibh sé beartaithe go mbeadh an Ceannasaí Acmhainní Daonna labhairt mar chuid den chéad chruinniú Boird eile.

Thug an Bord ar aire go ndearna an Coiste Iniúcháireachta agus Riosca athbhreithniú ar na dréacht-chuntais bhainistíochta do Nollaig 2020 mar chuid de chruinniú an choiste an 26 Márta 2021 agus gur mhol an coiste go ndéanfadh an Bord iad sin a fhaomhadh.

Rinne an Bord buiséad ardleibhéil 2021 a fhaomhadh.

10.2 Bainistíocht Riosca: Ráiteas inghlacthachta riosca, creat bainistíochta riosca; agus beartas bainistíochta riosca

Thug an Bord ar aire go ndearna an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca athbhreithniú ar an dréachtráiteas inghlacthachta riosca, ar an dréacht-chreat bainistíochta riosca agus ar an dréachtbheartas bainistíochta riosca mar chuid de chruinniú an choiste an 26 Márta 2021 agus gur mhol an coiste go ndéanfaí an Bord na doiciméid sin a fhaomhadh.

Rinne an Bord na trí doiciméid seo a leanas a fhaomhadh: an dréachtráiteas inghlacthacht riosca (tag. an doiciméid: NLI- POL- 20B); an dréacht-chreat bainistíochta riosca (tag. an doiciméid NLI- POL- 20); agus an dréachtbheartas bainistíochta riosca (tag. an doiciméid: NLI- POL- 20A).

Ar iarraidh ó Chathaoirleach an chruinnithe, thoiligh an Rúnaí cruachóipeanna de na doiciméid thuas a sheoladh chuig an mBord, ar pháipéar A3.

11. Coistí an Bhoird

11.1 An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca: Tuarascáil an 26 Márta 2021 agus miontuairiscí ón 28 Deireadh Fómhair 2020

Thug Cathaoirleach an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca faisnéisiú don Bhord maidir le cruinniú an Bhoird ar an 26 Márta 2021 agus d'iarr tuairimí ar an mBord maidir le ráitis urrúis ón bhFeidhmeannas don Choiste a chur ar bhonn foirmiúil.

Rinne an Bord an cheist a mheas agus thug an chomhairle gur chóir don Choiste cuireadh a thabhairt don Fhoireann Ceannaireachta freastal ar chruinnithe sceidealta Coistí le go mbeadh ball nó baill den Fhoireann Ceannaireachta in ann rioscaí a chur i láthair ar aon dul leis an gclár corparáideach um riosca.

Ghabh Cathaoirleach an chruinnithe buíochas leis an gCoiste as an obair.

Thug an Bord an dá rud ar aire, is iad sin an tuairisc ó

Chathaoirleach an Choiste ar chruinniú an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca an 26 Márta 2021; agus miontuairiscí faofa ó chruinniú an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca ar an 28 Deireadh Fómhair 2020. Thug an Bord tuairim maidir leis na ráitis urrúis ón bhFeidhmeannas don Choiste a chur ar bhonn foirmiúil.

11.2 An Coiste um Ghinealas agus Araltas agus an Coiste Comhairleach Léitheoirí: Bunú

Chomhaontaigh an Bord gur chóir gan an Coiste um Ghinealas agus Araltas ná an Coiste Comhairleach do Léitheoirí a chur ar bun go dtí go gceapfar Cathaoirleach an Bhoird agus tuilleadh comhaltaí Boird.

De bhun iarratas ón mBord, thoiligh an Stiúrthóir comhairle a chur ar na húdair rogha eile a chur isteach don chomhairliúchán faoina bhféadfaí tabhairt seachas comhairliúchán leis an gCoiste Comhairleach Léitheoirí maidir leis an dréachtbheartas um fhorbairt na mbailiúchán dá dtarlódh nach mbeadh an Coiste sin ar bun sula dtabharfar faoin gcéim sheachtrach den chomhairliúchán faoin mbeartas.

12. An sceideal do chruinnithe an Bhoird in 2021, an dáta agus am don chéad chruinniú Boird eile san áireamh

Rinne an Bord an Sceideal do chruinnithe an Bhoird in 2021 a fhaomhadh, an dáta agus am don chéad chruinniú Boird eile san áireamh.

Thug an Bord ar aire go mbeadh an chéad chruinniú eile ann ar an 3 Meitheamh 2021.

13. Aon Ghnó Eile

Ní raibh aon ghnó eile le plé ag an mBord.

Chuir Cathaoirleach an chruinnithe deireadh leis an gcrúinniú.